**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**GA**

9541/14

(OR. en)

PRESSE 269
PR CO 23

# PREASEISIÚINT

an 3311ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Gnóthaí Ginearálta

# Saincheisteanna trádála

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2014

An tUachtarán **Panagiotis Mitarachi**
Leas-Aire Forbartha agus Iomaíochais na Gréige

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/press

## Príomhthorthaí na Comhairle

*Ghlac an Chomhairle conclúidí agus treoracha caibidlíochta maidir le "tionscnamh na n-earraí glasa" le haghaidh* ***léirscaoilte trádála in earraí comhshaoil.***

*Ag cur in iúl don Chomhairle gur díol sásaimh di an tionscnamh seo ó chomhaltaí WTO, d'iarr an Chomhairle go gcuirfí tús gasta leis an gcaibidlíocht mar chéad chéim d'fhonn é a bhunú ar bhonn iltaobhach. Chuir sí a cuid tacaíochta in iúl d'fhonn taraifí a dhíothú ar réimse leathan táirgí lena gcuirtear leis an bhfás glas, le cosaint an chomhshaoil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. Leag an Chomhairle béim ar an ngá le féachaint faoi sheirbhísí comhshaoil a léirscaoileadh, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le trádáil agus le díriú ar bhacainní neamhtharaifí ar earraí agus seirbhísí comhshaoil.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE ..................................................................................................... 5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

CAIBIDLÍOCHT TRÁDÁLA IDIR AE AGUS CEANADA ............................................ 7

CAIBIDLÍOCHT TRÁDÁLA IDIR AE AGUS AN tSEAPÁIN ...................................... 8

CLÁR OIBRE DOHA UM FHORBAIRT - EARRAÍ COMHSHAOIL ............................ 9

GNÓ EILE ........................................................................................................ 10

– Comhaontuithe um chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha .................................... 10

– Fabhair thrádála le haghaidh na Cróite a chur chun feidhme .............................. 10

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*BEARTAS TRÁDÁLA*

– Rialacha trádála idirnáisiúnta .................................................................... 11

*TALMHAÍOCHT*

– Lománaíocht mhídhleathach ...................................................................... 11

– Caiteachas a bhaineann leis an slabhra bia agus le sláinte ainmhithe agus plandaí ..... 12

*IASCACH*

– Plean téarnaimh don tuinnín gorm .............................................................. 13

*SLÁINTE*

– Cistiú le haghaidh faireacháin atreisithe ar leigheasanna* ............................... 13

*DLÍ AN BHIA*

– Mil* .............................................................................................. 14

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

*FOSTAÍOCHT*


– Staidreamh fostaíochta ........ 14

– Seirbhísí poiblí fostaíochta ........ 14


*BEARTAS SÓISIALTA*


– Ciste do na daoine is díothaí amuigh ........ 14


*CULTÚR*


– Nithe cultúrtha a fháil ar ais ........ 15


*TEILEACHUMARSÁID*


– Laghdú costas leathanbhanda* ........ 15


*IOMPAR*


– Glaonna éigeandála eCall ........ 16

– Beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach ........ 16

– An Coiste Muir-Shábháilteachta ........ 16


*AN MARGADH INMHEÁNACH*


– Táirgí tógála ........ 16

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Didier REYNDERS | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, Trádála Seachtraí agus Gnóthaí Eorpacha |
| **An Bhulgáir:** | |
| Krasin DIMITROV | An Leas-Aire um an nGeilleagar agus um Fhuinneamh |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Jan MLÁDEK | An tAire Tionscail agus Trádála |
| **An Danmhairg:** | |
| Mogens JENSEN | An tAire Trádála agus Forbartha |
| **An Ghearmáin:** | |
| Stefan KAPFERER | Státrúnaí, An Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinnimh |
| **An Eastóin:** | |
| Anne SULLING | An tAire a bhfuil freagracht uirthi maidir le Trádáil Eachtrach agus Fiontraíocht |
| **Éire:** | |
| John PERRY | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Gnólachtaí Beaga (An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) |
| **An Ghréig:** | |
| Panagiotis MITARACHI | An Státrúnaí Forbartha agus Iomaíochais |
| **An Spáinn:** | |
| Jaime GARCÍA-LEGAZ PONCE | An Státrúnaí Trádála |
| **An Fhrainc:** | |
| Fleur PELLERIN | An tAire Stáit um Thrádáil Eachtrach, Cur chun cinn na Turasóireachta agus Saoránaigh de chuid na Fraince atá Thar Lear |
| **An Chróit:** | |
| Joško KLISOVIĆ | An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha |
| **An Iodáil:** | |
| Carlo CALENDA | An Leas-Aire Forbartha Eacnamaíche |
| **An Chipir:** | |
| Stelios HIMONAS | Rúnaí Buan, an Aireacht Fuinnimh, Tráchtála, Tionscail agus Turasóireachta |
| **An Laitvia:** | |
| Mārtiņš LAZDOVSKIS | Státrúnaí, an Aireacht Dlí agus Cirt |
| **An Liotuáin:** | |
| Rolandas KRIŠČIŪNAS | An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha |
| **Lucsamburg:** | |
| Christian BRAUN | An Buanionadaí |
| **An Ungáir:** | |
| Peter GYÖRKÖS | An Buanionadaí |
| **Málta:** | |
| Christian CARDONA | An tAire um an nGeilleagar, Infheistíocht agus Gnólachtaí Beaga |
| **An Ísiltír:** | |
| Lilianne PLOUMEN | An tAire Trádála Eachtraí agus Comhair um Fhorbairt |
| **An Ostair:** | |
| Walter GRAHAMMER | An Buanionadaí |

| | |
|---|---|
| **An Pholainn:**<br>Andrzej DYCHA | Leas-Státrúnaí, An Aireacht um an nGeilleagar |
| **An Phortaingéil:**<br>Bruno MAÇÃES | An Státrúnaí Gnóthaí Eorpacha |
| **An Rómáin:**<br>Mihnea MOTOC | An Buanionadaí |
| **An tSlóivéin:**<br>Rado GENORIO | An Buanionadaí |
| **An tSlóvaic:**<br>Pavol PAVLIS | Státrúnaí ag an Aireacht um an nGeilleagar |
| **An Fhionlainn:**<br>Alexander STUBB | An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Trádála Eachtraí |
| **An tSualainn:**<br>Ewa BJÖRLING | An tAire Trádála agus an tAire um Chomhar Nordach |
| **An Ríocht Aontaithe:**<br>Ian LIVINGSTON | An tAire Stáit Trádála agus Infheistíochta, ag an Oifig Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais agus ag an Roinn Gnó, Nuálaíochta agus Scileanna |
| **An Coimisiún:**<br>Karel DE GUCHT | Comhalta |

## MÍREANNA A PLÉADH

## CAIBIDLÍOCHT TRÁDÁLA IDIR AE AGUS CEANADA

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí a rinneadh sa chaibidlíocht le Ceanada maidir le comhaontú cuimsitheach eacnamaíoch agus trádála. Phléigh sé an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach.

Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil an Coimisiún ag súil go dtabharfar an comhaontú chun críche go luath, agus go mbeidh dóthain ama ag na Ballstáit chun an téacs críochnaitheach iomlán a scrúdú roimh inisealacha a bheith curtha leis. Thug sí dá haire freisin go bhfuil imní ar na Ballstáit, a eascraíonn as inniúlachtaí measctha faoin gcomhaontú, agus chuir sí i bhfios go láidir nach gcomhaontóidh sí le síniú agus tabhairt chun críche an chomhaontaithe chuimsithigh eacnamaíoch agus trádála mar chomhaontú Eorpach amháin.

Táthar ag súil leis go mbainfear níos mó ná 99% de na taraifí atá á bhforchur ar thrádáil faoi láthair idir an dá gheilleagar, leis an gcomhaontú. Déanfaidh sé foráil do rochtain fheabhsaithe ar an margadh le haghaidh seirbhísí, níos mó cinnteachta, trédhearcachta agus cosanta i gcomhair infheistíochtaí, comhar feabhsaithe i ndáil le forbairt rialála, soghluaisteacht do lucht saothair agus i réimsí eile, agus deiseanna nua i margaí soláthair rialtais. Meastar freisin go mbeidh forálacha ann i dtaca le cearta maoine intleachtúla, bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta, forbairt inbhuanaithe, aitheantas frithpháirteach, éascú trádála, comhar i ndáil le hamhábhair, réiteach díospóidí agus bacainní teicniúla ar thrádáil.

A luaithe a bheidh sé curtha chun feidhme, táthar ag súil leis go gcuirfear dlús a bhuíochas don chomhaontú cuimsitheach eacnamaíoch agus trádála le trádáil dhéthaobhach earraí agus seirbhísí faoi 23%, arb ionann é agus thart ar €23 bhilliún.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, d'fhógair Príomh-Aire Cheanada, Stephen Harper, agus Uachtarán an Choimisiúin, José Manuel Barroso, comhaontú polaitiúil maidir le príomhghnéithe an chomhaontaithe chuimsithigh eacnamaíoch agus trádála agus saincheisteanna teicniúla fós le socrú. Ó shin i leith, tá caibidleoirí ag obair chun an comhaontú sin a aistriú go téacs dlíthiúil.

Tá na cainteanna le Ceanada ag leanúint ar aghaidh le timpeall ceithre bliana anuas, ar bhonn sainordaithe a chomhaontaigh an Chomhairle i mí Aibreáin 2009. I mí Mheán Fómhair 2011, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le cainteanna maidir le cosaint infheistíochtaí laistigh de chreat an chomhaontaithe chuimsithigh eacnamaíoch agus trádála.

## CAIBIDLÍOCHT TRÁDÁLA IDIR AE AGUS AN tSEAPÁIN

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas i ndáil leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht leis an tSeapáin maidir le comhaontú saorthrádála. Rinne an Coimisiún príomhghnéithe tuarascála maidir le cur chun feidhme ghealltanais na Seapáine i ndáil le bacainní neamhtharaifí a dhíothú agus le soláthar rialtais a chur in iúl do na hairí freisin.

D'iarr an Chomhairle ar an gCoiste um an mBeartas Trádála an tuarascáil a phlé an 23 Bealtaine agus d'iarr sí ar an gCoimisiún an tuarascáil a chur ar fáil in am don chruinniú sin.

Nuair a d'fhormheas an Chomhairle sainordú don Choimisiún, i mí na Samhna 2012, chun comhaontú saorthrádála a chaibidliú leis an tSeapáin, bhí clásal athbhreithnithe ann lenar sonraíodh go ndéanfadh an Coimisiún, bliain amháin tar éis tús na caibidlíochta, tuarascáil a chur isteach maidir le cur chun feidhme ghealltanais na Seapáine i ndáil le bacainní neamhtharaifí a dhíothú agus le soláthar rialtais. Chinnfeadh an Coimisiún, i gcomhairliúchán leis an gCoiste um an mBeartas Trádála, cibé an raibh an cur chun feidhme sásúil nó nach mbeadh. Dá bhfaighfí nach mbeadh sé sásúil, chuirfí an chaibidlíocht ar fionraí.

Ceaptar go bhforálfar leis an gcomhaontú chun trádáil a léirscaoileadh go leanúnach agus go cómhalartach maidir le hearraí, le seirbhísí agus le hinfheistíocht, mar aon le rialacha i dtaca le saincheisteanna a bhaineann leis an trádáil agus le bacainní neamhtharaifí a dhíothú.

Chomh maith leis an sainordú caibidlíochta i gcomhair comhaontaithe saorthrádála, thug an Chomhairle údarú, i mí na Samhna 2012, chun tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin maidir le comhaontú réime, lena gcumhdófaí comhar polaitiúil, domhanda agus earnála. Tá na comhaontuithe á gcaibidliú i gcomhthreo agus cruthófar leo creat foriomlán atreisithe le haghaidh chaidreamh AE leis an tSeapáin.

## CLÁR OIBRE DOHA UM FHORBAIRT - EARRAÍ COMHSHAOIL

Phléigh an Chomhairle clár oibre "iar-Bali" de chuid an Aontais tar éis Chomhdháil Airí na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) a tionóladh ag deireadh na bliana 2013.

Ghlac sí na conclúidí seo a leanas mar aon le treoracha caibidlíochta i ndáil le "tionscnamh na n-earraí glasa" iltaobhach d'fhonn an Coimisiún a threorú le linn na caibidlíochta.

"1. Ag meabhrú mhír 31 (iii) ó Dhearbhú Airí Doha, lenar cuireadh Comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) faoi ghealltanas caibidlíocht a dhéanamh maidir le "laghdú nó, de réir mar is iomchuí, díothú bacainní taraifí agus neamhtharaifí ar earraí agus seirbhísí comhshaoil", is díol sásaimh don Chomhairle gur chuir ceithre Chomhalta dhéag WTO in iúl, an 24 Eanáir 2014 in Davos, go mbainfear amach saorthrádáil dhomhanda i réimse na n-earraí comhshaoil. Is é is aidhm don tionscnamh seo, a sheol na príomhghníomhaithe sa trádáil chomhshaoil, dul chun cinn a dhéanamh sa Chlár Oibre Doha um Fhorbairt maidir le trádáil agus an comhshaol. Tá an Chomhairle ag tnúth le tús gasta leis an gcaibidlíocht mar chéad chéim i bpróiseas d'fhonn toradh iltaobhach a bhaint amach.

2. Tacaíonn an Chomhairle le léirscaoileadh trádála i réimse na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil, i bhfianaise thábhacht an chúnaimh a fhéadfar a thabhairt, i ngeall ar an méid sin, don chlár oibre idirnáisiúnta i ndáil le cosaint an chomhshaoil agus don ghníomhaíocht i leith an athraithe aeráide. Beidh an tAontas ag obair ar thionscnamh na n-earraí glasa i gcomhar le Comhaltaí WTO atá tiomanta ar bhealach comhchosúil do léirscaoileadh.

3. Tacaíonn an Chomhairle le caibidlíocht d'fhonn teacht ar chomhaontú lena gclúdófar mais chriticiúil trádála i réimse na n-earraí comhshaoil, a bheidh fite fuaite le rialacha WTO agus a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn an Náisiúin Bharrfhabhair, lena gcuideofar lena iltaobhú amach anseo. Ag cur le gealltanas Chomhar Eacnamaíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (APEC) i Meán Fómhair 2012 chun taraifí ar 54 earra comhshaoil a laghdú, tacaíonn an Chomhairle leis an gcuspóir chun deireadh a chur le taraifí ar réimse leathan d'earraí breise lena gcuirtear go díreach agus go dearfach leis an bhfás glas, le cosaint an chomhshaoil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá le féachaint faoi sheirbhísí comhshaoil a léirscaoileadh, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le trádáil agus le díriú ar Bhacainní Neamhtharaifí ar earraí agus seirbhísí comhshaoil.

4. Maidir leis an mbaint atá aici le Clár Oibre Doha um Fhorbairt, tá sé beartaithe ag an gComhairle go mbeidh tionchar dearfach ag an tionscnamh seo ar chlár oibre iar-Bali agus go gcomhlánófar leis an chaibidlíocht maidir le rochtain ar mhargaí neamhthalmhaíochta."

**<u>GNÓ EILE</u>**

– ***Comhaontuithe um chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha***

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas i ndáil leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe um chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha, ag díriú ar na comhaontuithe sin ar gaire iad do bhailchríoch a bheith curtha orthu, i.e. leis an Afraic Theas, Comhphobal Oirthear na hAfraice agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice.

– ***Fabhair thrádála le haghaidh na Cróite a chur chun feidhme***

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi shíneadh fabhar trádála chuig an gCróit ag tríú tíortha a bhfuil comhaontuithe saorthrádála leis an Aontas acu.

*

*         *

Le linn an lóin, bhreathnaigh an Chomhairle ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gcaibidlíocht leis na Stáit Aontaithe i dtaca le comhpháirtíocht thrasatlantach trádála agus infheistíochta (TTIP).

Tá an chéad bhabhta den chaibidlíocht le bheith ar siúl in Washington i rith na seachtaine a thosaíonn an 19 Bealtaine.

Tá na cainteanna ag leanúint ar aghaidh ar bhonn sainordaithe a chomhaontaigh an Chomhairle i mí an Mheithimh na bliana seo caite. Tionóladh babhta eile caibidlíochta in Washington i mí Iúil. Tharla an ceathrú babhta de chainteanna, eadhon an babhta is déanaí, sa Bhruiséil an 10-14 Márta.

Meastar go mbainfidh struchtúr an chomhaontaithe le trí phríomhchuid: rochtain ar an margadh; saincheisteanna rialála agus bacainní neamhtharaifí; agus rialacha.

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

### *BEARTAS TRÁDÁLA*

#### Rialacha trádála idirnáisiúnta

Ghlac an Chomhairle rialachán arb é is aidhm dó comhchreat reachtach a bhunú lena gcuirfear ar chumas an Aontais a chuid cearta a chosaint agus a fhorghníomhú faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta(*PE-CONS 27/14*).

Leis an rialachán, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun feidhmiú éifeachtach agus tráthúil chearta an Aontais a áirithiú maidir le lamháltais nó oibleagáidí eile a fhionraí nó a aistarraingt faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta.

### *TALMHAÍOCHT*

#### Lománaíocht mhídhleathach

Ghlac an Chomhairle leasú ar Rialachán 2173/2005[1] maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT (forfheidhmiú an dlí agus rialachas i dtaca le foraoisí agus trádáil táirgí adhmaid) le haghaidh allmhairí adhmaid chuig AE. Leanann an méid seo ó chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa (*PE-CONS 39/14*).

Leis an Rialachán seo déantar Rialachán 2173/2005 a ailíniú le hAirteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme agus tarmligthe a thugtar don Choimisiún. Déantar idirdhealú i CFAE idir na cumhachtaí a tharmligtear chuig an gCoimisiún maidir le gníomhartha neamhreachtacha a ghlacadh a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus a fhorlíonann nó a leasaíonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach sin, mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) de CFAE (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún maidir le coinníollacha comhionanna a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) d CFAE (gníomhartha cur chun feidhme).

[1] IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, mar sin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na díolúintí ar scéimeanna ceadúnúcháin (dá bhforáiltear le Rialachán 2173/2005) d'earraí adhmaid de speicis a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán 338/97[1] maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil leo a rialú. Tugtar de chumhacht bhreise don Choimisiún ceanglais mhionsonraithe a ghlacadh chun Rialachán 2173/2005 a chur i bhfeidhm. Trí mheán gníomhartha tarmligthe, féadfaidh an Coimisiún leasú a dhéanamh freisin ar iarscríbhinní ina dtugtar mionsonraí breise ar liosta na dtíortha comhpháirtíochta agus a n-údarás ceadúnúcháin ainmnithe, liosta na n-earraí adhmaid a bhfuil feidhm ag scéim ceadúnúcháin FLEGT maidir leo beag beann ar an tír chomhpháirtíochta mar aon le liosta na n-earraí adhmaid nach bhfuil feidhm ag scéim ceadúnúcháin FLEGT maidir leo ach i ndáil leis an tír chomhpháirtíochta chomhfhreagrach.

**Caiteachas a bhaineann leis an slabhra bia agus le sláinte ainmhithe agus plandaí**

Ghlac an Chomhairle rialachán lena leagtar síos na forálacha le haghaidh bainistiú caiteachais a bhaineann leis an slabhra bia, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí. Leanann an glacadh seo ó chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa (*PE-CONS 24/14*).

Is é is aidhm don rialachán na forálacha airgeadais a nuachóiriú don réimse seo i gcomhréir le forálacha na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 7/8 Feabhra 2013 maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2014-2020. Leis an rialachán, déantar na forálacha airgeadais reatha a bhfuil an t-iliomad bunús dlí acu a ionadú le haon chreat airgeadais amháin a bhaineann an leas is fearr as cur chun feidhme agus feidhmiú na bainistíochta airgeadais ar chaiteachas i réimse an bhia agus na beatha. Go háirithe, déanfar na struchtúir bhainistithe airgeadais a shimpliú ar bhonn cuspóirí agus táscairí soiléire. Beidh rátaí cistithe níos soiléire agus níos simplithe freisin.

Tá an rialachán ina chuid den 'Phacáiste um Ainmhithe agus Plandaí níos Sláintiúla le haghaidh Biashlabhra níos Sábháilte' agus cuirtear creat ar fáil leis chun bearta a mhaoiniú dá bhforáiltear faoin mbeartas sláinte ainmhithe, sa réimeas sláinte ainmhithe, sa réimeas le haghaidh ábhar atáirgthe a dhéanamh agus a chur ar fáil ar an margadh agus sna rialacha lena rialaítear rialuithe oifigiúla.

Chun faisnéis bhreise a fháil, féach preaseisiúint *9490/14*.

---

[1] IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

## ***IASCACH***

**Plean téarnaimh don tuinnín gorm**

Ghlac an Chomhairle leasú ar Rialachán 302/2009 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir tar éis teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh (*PE-CONS 61/14*).

Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2012, ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní Atlantacha moladh lena leasaítear tuilleadh an plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm chun na séasúir iascaireachta a oiriúnú níos fearr do ghníomhaíocht na gcabhlach. In 2013, ghlac ICCAT comhlánú ar an moladh sin d'fhonn modhnuithe ar na séasúir iascaireachta a cheadú le haghaidh bád baoite agus bád trádála san Atlantach Thoir nach mbíonn tionchar acu ar chosaint láithreacha sceite tuinníní gorma sa Mheánmhuir. Leis an gcomhlánú sin, leagtar síos rialacha freisin le haghaidh ceamaraí steiréascópacha a úsáid i gcomhthéacs oibríochtaí cur i gcaighean.

Is é is cuspóir don rialachán seo moladh ICCAT lena leasaítear an plean téarnaimh don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a thrasuí i ndlí AE.

Tá an tAontas ina pháirtí de ICCAT ón mbliain 1997 agus bíonn na moltaí ina gceangal ar na páirtithe conarthacha sin nach ndéanann agóid ina n-aghaidh. Tá AE freagrach as na moltaí a ghlactar a chur i bhfeidhm.

## ***SLÁINTE***

**Cistiú le haghaidh faireacháin atreisithe ar leigheasanna***

Ghlac an Chomhairle rialachán arb é is aidhm dó an cistiú d'fhaireachán níos fearr iar-údaraithe ar chógais leighis don duine ("faireachas cógas") a dhéantar ar leibhéal AE a áirithiú (*PE-CONS 44/14* + *8795/14 ADD 1*), i ndiaidh comhaontú ar an gcéad léamh ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa i mí Feabhra.

Le haghaidh mionsonraí, féach *9355/14*.

## *DLÍ AN BHIA*

**Mil***

D'fhormheas[1] an Chomhairle treoir lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle a bhaineann le mil (PE-CONS 65/14+ *8803/1/14 REV 1 ADD 1*). Leanann an méid seo ó chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa.

Foráiltear leis an treoir gur comhpháirt nádúrtha de mhil é pailin, seachas comhábhar de. D'fhonn cleachtais tráchtála cothroma a áirithiú, chun tomhaltóirí a chosaint agus na modhanna ábhartha anailíse a leagan amach le fíorú go gcloíonn mil leis an treoir, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún an treoir a chomhlánú trí dhá pharaiméadar cainníochtúla a shainiú a bhaineann le tionscnamh bláthach nó plandúil meala agus inneachar íosta pailine i mil scagtha faoi seach.

Foilseofar an treoir in Iris Oifigiúil an Aontais tar éis d'Uachtarán na Comhairle agus d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa í a shíniú agus tiocfaidh sí i bhfeidhm 20 lá i ndiaidh a foilsithe.

## *FOSTAÍOCHT*

**Staidreamh fostaíochta**

Ghlac an Chomhairle rialachán leasaithe maidir leis an suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair (*PE-CONS 63/14*).

Is é is aidhm don rialachán Rialachán (CE) Uimh. 577/98[2] a leasú d'fhonn é a ailíniú le comhthéacs institiúideach nua Chonradh Liospóin, agus cur ar chumas an Aontais foráil a dhéanamh do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm deontas chuig na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh agus údaráis náisiúnta eile.

**Seirbhísí poiblí fostaíochta**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le comhar feabhsaithe idir seirbhísí poiblí fostaíochta (*PE-CONS 32/14*).

Tá sé mar aidhm ag an gcinneadh sainghrúpa neamhfhoirmiúil comhairleach cheannairí reatha na seirbhísí poiblí fostaíochta a chur ar bhonn foirmiúil agus líonra lánfheidhme a dhéanamh de.

## *BEARTAS SÓISIALTA*

**Ciste do na daoine is díothaí amuigh**

Chinn an Chomhairle gan cur in aghaidh glactha rialacháin ag an gCoimisiún lena gcomhlánaítear Rialachán Uimh. 223/2014 maidir leis an gCiste le haghaidh cúnaimh Eorpaigh do na daoine is díothaí amuigh (*7776/14*+*7776/14 ADD1*).

1 Vótáil toscaireacht na hUngáire agus Lucsamburg ina choinne. Staon toscaireacht na Seice agus toscaireacht na Fraince ó vótáil.

2 Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle an 9 Márta 1998 maidir le suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair a eagrú sa Chomhphobal (Iris Oifigiúil L 077, 14.3.1998, P. 0003 - 0007)

Tá an dréacht-rialachán faoi réir an nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú. Anois go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an rialachán sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

***CULTÚR***

**Nithe cultúrtha a fháil ar ais**

Ghlac an Chomhairle treoir maidir le nithe cultúrtha a tógadh amach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais (*PE-CONS 55/14*).

Is é is aidhm don treoir seo feabhas a chur ar éifeachtúlacht sásraí chun a áirithiú go ndéantar nithe cultúrtha atá rangaithe mar sheoda náisiúnta a fháil ar ais, lena ndéantar Treoir 93/7/CEE reatha a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhlánú 7049/14. Féach preaseisiúint *7049/14*.

***TEILEACHUMARSÁID***

**Laghdú costas leathanbhanda***

Ghlac an Chomhairle treoir lena mbeidh sé níos fusa agus níos saoire líonraí ardluais maidir le cumarsáidí leictreonacha a chur i bhfeidhm de réir a chéile, i measc eile trí úsáid chomhpháirteach bonneagair, amhail leictreachas, gás agus píopaí séarachais (*PE-CONS 48/14*; ráiteas: *8799/14 ADD 1*)[1]. Staon an Ríocht Aontaithe.

Le haghaidh mionsonraí, féach preaseisiúint *9499/14*.

[1] Staon an Ríocht Aontaithe.

***IOMPAR***

**Glaonna éigeandála eCall**

Ghlac an Chomhairle cinneadh chun córas éigeanta a thabhairt isteach ar fud an Aontais chun plé le glaonna éigeandála a sheoltar go huathoibríoch ó ghluaisteáin nó le glaonna a chuireann na daoine sa ghluaisteán de láimh i gcás tuairte (eCall) (*PE-CONS 77/14*).

Le haghaidh mionsonraí, féach preaseisiúint *9353/14*.

**Beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach**

Ghlac an Chomhairle rialachán lena dtugtar beartas an Aontais i ndáil le hacmhainneacht chabhlach cothrom le dáta chun iompar ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn (*PE-CONS 67/14*).

Le haghaidh mionsonraí, féach preaseisiúint *9352/14*.

**An Coiste Muir-Shábháilteachta**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena mbunaítear an seasamh ón Aontas don 93ú seisiún de choiste muir-shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, maidir le leasuithe a ghlacadh go háirithe ar roinnt rialachán eile a bhaineann le sábháilteacht anama ar muir (*9247/14 ADD 1*).

***AN MARGADH INMHEÁNACH***

**Táirgí tógála**

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne ghlacadh rialacháin ag an gCoimisiún lena leasaítear Rialachán 305/2011 d'fhonn gníomhaíochtaí monaróirí agus feidhmiú comhlachtaí dá dtugtar fógra a bhfuil údarú faighte acu chun cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas i ndáil le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú. *(6853/14*agus *6853/14 ADD 1)*.

Le Rialachán 305/2011 leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a chur ar an margadh agus cuireadh de chúram ar an gCoimisiún Iarscríbhinn V a ghabhann leis an rialachán a oiriúnú.

Féadfaidh an leasú ar Rialachán 305/2011 teacht i bhfeidhm anois, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.